NIPT

Seirbhís Tacaíochta is ea an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, a mhaoiníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna trína gcuirtear tacaíocht agus oiliúint ar fáil do scoileanna a roghnaíonn bheith rannpháirteach i bpróiseas *Droichead* ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon.

Cén rud é *Droichead*?

Is creat comhtháite gairmiúil ionduchtaithe é *Droichead* atá bunaithe ar chur chuige scoile uile i leith tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí nua-cháilithe (MNCanna).

Ar mhaith leat tuilleadh a fháil amach?

Gheofar eolas ar Droichead ar shuíomh gréasáin an NIPT:
http://teacherinduction.ie/en/supports/droichead
nó
ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag:
http://www.teachingcouncil.ie/en/Teacher-Education/Droichead/

Seo a leanas Céim Fáis *Droichead* ag leibhéal na hIar-Bhunscoile:

2016/17	B'é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe i suíomh Oideachais Speisialta
2017/18	Is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe i suíomh Oideachais Speisialta nó in Iar-Bhunscoileanna móra ina bhfuil breis is 700 dalta
2018/19	Beidh *Droichead* mar an t-aon bhealach ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe i suíomh Oideachais Speisialta nó in Iar-Bhunscoileanna ina bhfuil breis is 400 dalta
2019/20	Beidh *Droichead* mar an t-aon bhealach ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe i suíomh Oideachais Speisialta nó in Iar-Bhunscoileanna ina bhfuil breis is 200 dalta
2020/21	Beidh *Droichead* mar an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach múinteoir nua-cháilithe iar-bhunscoile

Is faoi scoileanna aonair atá sé roghnú bheith páirteach i bpróiseas Droichead uair ar bith roimh na dátaí atá leagtha amach thuas

Chun clárú do *Droichead* agus chun cur isteach ar oiliúint d'Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil, logáil isteach ar shuíomh Gréasáin an NIPT www.teacherinduction.ie agus cliceáil ar Cláraigh mar Iar-bhunscoil *Droichead* ag barr an leathanaigh bhaile.